

COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH

BUNCHÍOS BAILE A CHEANNACH



BUNCHÍOS BAILE A CHEANNACH

C: Cad is Bunchíos ann?

F: In Éirinn tá trí chineál éagsúla úinéireachta maoin ann. Má tá leas léasach agat i maoin, ciallaíonn sin nach leat ach an foirgneamh ach nach leat an talamh ar ar tógadh é agus go mairfidh an úinéireacht go ceann tréimhse socraithe de bhlianta. Más leat maoin léasach, ní mór duit bunchíos a íoc leis an Tiarna Talún de bhrí gur leis nó léi an talamh ar ar tógadh an mhaoin.

C: Cad chuige a n-íocaim bunchíos le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

F: Nuair an ceannaíodh an teach ar dtús, thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath léas talún don cheannaitheoir (léas 150 bliain de ghnáth), ar a raibh sé sonraithe, i measc nithe eile, go bhfuil cíos le híoc agat dhá uair sa bliain le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

C: Cad iad na buntáistí má cheannaím an Bunchíos ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath?

F: Is mar a leanas atá na buntáistí má cheannaítear an Bunchíos:

- (i) Má cheannaíonn tú an Bunchíos amach, ciallaíonn sin go mbeidh úinéireacht iomlán agat ar an talamh. Ní bheidh aon tréimse de bhlianta ag gabháil leis an úinéireacht agus ní bheidh aon bhillí Bunchíos le híoc dhá uair sa bhliain.
- (ii) Más mian leat an mhaoin a dhíol amach anseo ní bheidh toiliú Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath de dhíth ort chun do leas léasach sa talamh a shannadh / aistriú chuig an úinéir nua.
- (iii) Agus gach ní eile mar a chéile, is tarraingtí maoin ruílse ná maoin léasach le ceannach.

C: Conas a cheannóidh mé an Bunchíos?

F: Tá na trí ní a leanas de dhíth ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

- (i) Ní mór don iarratasóir / do na hiarratasóirí an fhoirm iarratais (lastall) a chomhlánú agus a shíniú (an bheirt iarratasóirí i gcás comhúinéireachta).
- (ii) Ní mór don iarratasóir / do na hiarratasóirí fianaise a thabhairt ar aird go bhfuil úinéireacht (teideal) acu ar an maoin.

Más é / iad an t-iarratasóir / na hiarratasóirí an t-úinéir / na húinéirí bunaidh, is cóir dó / dóibh cóip den léas le Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (nó cóip den Ordú Aistrithe uaithi) a chur ar fáil.

Murab é / iad an t-iarratasóir / na hiarratasóirí an t-úinéir / na húinéirí bunaidh, beidh air / orthu ansin cóip den Léas bunaidh agus cóip den Sannadh inar aistríodh an mhaoín chuig a ainm / a n-ainmneacha féin a chur ar fáil. Nó déanfaidh fóilió ó Chlárann na Talún cúis ar a bhfuil sonraí léasa agus úinéireachta an iarratasóra / na n-iarratasóirí.

De gnáth coinnítear Gníomhais Teidil sa bhanc nó bíonn siad ag an iasachtóir morgáistí a chur an morgáiste ar fáil duit. Má tá an morgáiste glanta agat féadfaidh sé gur agat féin nó ag d'Aturnae atá na Gníomhais Teidil.

Má tá fóilió uait ó Chlárann na Talún uait, is coir duit dul i dteagmháil leis an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárann na Talún tráth), Sráid na Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7 - Teil. 01 8048154 nó Lóghlao 1890 333 001.

(iii) Is coir don Iarratasóir an táille iomchuí a chur isteach (praghas ceannaigh).

Is mar a leanas a ríomhtar an praghas ceannaigh: seacht n-oiread an chíosa bhliantúil, móide aon riaráistí atá iníoctha.

M.sh. Cíos Bliantúil	€19.05	€133.35	(€19.05 x 7)
Riaráistí	€76.20	<u>€76.20</u>	
Praghas Ceannaigh		€209.55	

Féadfaidh táillí breise a bheith ann más rud é go bhfuil an mhaoín faoin Scéim Ráthaíochta againn, i.e. Táille Riaracháin €25.39 agus Táille Chlárúcháin Maoine €85.00.

M.sh. Cíos Bliantúil	€22.86	€160.02	(€22.86 x 7)
Riaráistí	€68.58	€68.58	
Táille Breise		<u>€110.39</u>	
Praghas Ceannaigh		€338.99	

Féadfar íoc le Seic, le hOrdú Poist nó le Cárta Creidmheasa agus é iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

C: An bhfuil an t-idirbheart críochnaithe ag an bpointe sin?

- F: Níl
- (i) Nuair a focfar an t-airgead le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, eiseofar Foirm C agus í comhlánaithe chuig an iarratasóir / na hiarratasóirí in éineacht le Foirm A, Foirm Iarratais um Dhílseachán le Toiliú. Tá sé rithabhachtach go gcomhlánóidh tú Foirm A agus í a thaisceadh leis an Údarás Clárúcháin Maoine in éineacht le Foirm C a luaithe is féidir, nó gan sin ní beidh an t-idirbheart cláraithe.
 - (ii) Má tá an mhaoín faoin Scéim Ráthaíochta againn, cuirfear an t-eolas ar aghaidh chuig an Roinn Dlí againn agus ullmhóidh sí na doiciméid riachtanacha dlí (is iad is cúis le táillí breise €110.39) agus taiscfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iad sin le Clárann na Talún.